Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2015**

# Stair

Aonad Measúnaithe AS 1

AH111

**[AH111]**
**DÉ LUAIN 8 MEITHEAMH, MAIDIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Níl ach **rogha 5** ar fáil ar an leagan Gaeilge seo den scrúdpháipéar.
Freagair ceist **1(a)** nó **1(b)** agus ceist **2** as an **rogha agat**.
Léirigh do rogha go soiléir ar an Leabhrán Freagraí.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **1** agus i gceist **2(b)**.
Is fiosrú stairiúil é an t-aonad measúnaithe seo agus moltar d'iarrthóirí tarraingt as an ábhar chuí uile a ndearna siad staidéar air agus iad ag freagairt ceist **2(b)**.

## Rogha 5: An Ghearmáin 1918–1945

Freagair ceist **1(a)** nó **1(b) agus** ceist **2**.

**1 Ceachtar acu**

**(a)** Mínigh cad é mar a d'fhorbair an Páirtí Naitsíoch sa tréimhse 1924–1929. [12]

**Nó**

**(b)** Mínigh an dóigh a ndeachaigh polasaithe na Naitsithe i bhfeidhm ar mhná sa tréimhse 1933–1939. [12]

**2** Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann.

**Cur i gCoinne agus Frithbheartaíocht sa Ghearmáin i leith Réimeas na Naitsithe, 1933–1945**

**Foinse 1**

Sliocht as seanmóir a thug Clemens von Galen, Easpag Caitliceach Münster, 3 Lúnasa 1941. Tá sé ag cáineadh chlár eotanáise Hitler, a thosaigh i nDeireadh Fómhair 1939. Rinneadh na mílte cóip de sheanmóir Galen a scaipeadh sa Ghearmáin.

> Tá tuairiscí cloiste againn ar na mallaibh go bhfuil, ar orduithe na n-údarás Naitsíoch i mBeirlin, roinnt othar ó ospidéil mheabhairghalair i ndeoise Münster á n-aistriú go héigeantach. Tá amhras ann i measc an phobail nach go nádúrtha a tharlaíonn básanna gan choinne na ndaoine seo a bhfuil meabhairghalar orthu i ndiaidh a n-aistrithe, ach go gcuirtear i gcrích d'aonghnó iad. Tá gníomh den chineál sin in éadan dhlíthe morálta Dé. A chomhChríostaithe, iarraim oraibh cosaint a thabhairt láithreach dár gcomrádaithe náisiúnta atá faoi bhagairt ar an dóigh seo trí ghníomh a dhéanamh in éadan na ngníomhaireachtaí sin atá ag beartú iad a aistriú agus a dhúnmharú. Mo léan é náisiún againne na Gearmáine, más amhlaidh go ndéantar Aithne Naofa Dé "Ná déan marú", atá scríofa ag Dia an Cruthaitheoir ar choinsias an chine dhaonna, má dhéantar ní hamháin í a shárú ach ligtear don tsárú sin tarlú gan aon phionós.

*© Nazism 1919-45 Vol.3: Foreign Policy, War and Racial Extermination", Jeremy Noakes & Geoffrey Pridham, Exeter University Press, 1988*

**Foinse 2**

Sliocht as cuimhní cinn Albert Speer, a foilsíodh in 1970. Ba ailtire pearsanta Hitler é Speer. Sa tsliocht seo tá sé ag cuimhneamh ar ghabháil an Tréadaí Martin Niemöller, a raibh ról tábhachtach aige i bhfoirmiú na hEaglaise Faoistiniúla Protastúnaí in 1934. Chuir na Naitsithe Niemöller i bpriosún ó 1937 go 1945.

> Tháinig racht feirge ar Hitler in éadan an Tréadaí Niemöller in 1937. Arís eile, bhí seanmóir ceannairceach tugtha ag Niemöller, inar cháin sé an dóigh ar gabhadh roinnt comhaltaí den Eaglais Fhaoistiniúil Phrotastúnach. D'ordaigh Hitler go gcuirfí an Tréadaí isteach i sluachampa géibhinn agus go gcoinneofaí ann é an chuid eile dá shaol.

*© "Nazism 1919-45 Vol.2: State, Economy and Society 1933-39: A Documentary Reader", by Jeremy Noakes & Geoffrey Pridham, Exeter University Press, 1984*

**Foinse 3**
Sliocht as *The Third Reich* le D.G. Williamson, arna fhoilsiú in 2002.

> Ar dtús, ba iad na Daonlathaigh Shóisialta agus na Cumannaithe na dreamanna ba mhó a chur in éadan Hitler. Nuair a scrios na Naitsithe na páirtithe polaitiúla agus na ceardchumainn, bhain sin bonn a gcuid cumhachta díobh agus thug sé orthu feidhmiú go rúnda nó ó thíortha eile. Chloígh an Eaglais Fhaoistiniúil, eaglais scarthach, chloígh sí na hiarrachtaí a rinneadh í a ionsú in eaglais stáit ach níorbh ionann an mórbhua seo agus cur in éadan polaitiúil. Cé gur mhór an bua í don Chríostaíocht an dóigh ar cuireadh stop go sealadach leis an eotanáis mar fhreagairt ar cháineadh Galen, agóid a bhí ann maidir le mórcheist amháin. An fhrithbheartaíocht ba mhó a d'fhéadfadh a bheith ann in éadan Hitler, bhí sí le fáil i gcur i gcoinne na gCoiméadach agus an airm. Teip an Róis Bháin, dream mac léinn ag Ollscoil München, sa bhliain 1943, neartaigh sin an dearcadh nach raibh ach aon dóigh éifeachtach amháin ann leis an réimeas Naitsíoch a threascairt, ba í sin an t-arm a úsáid ina éadan. In 1944, chuir an Coirnéal von Stauffenberg, a raibh ról tábhachtach aige i bpleanáil "Oibríocht Valkyrie," cruth cinnte ar phleananna le Hitler a fheallmharú agus *coup d'état* a reáchtáil.

*© "The Third Reich", by D.G Williamson, Pearson Education, 1984*

**(a)** **Déan staidéar ar Fhoinse 1**. Cá húsáidí atá sí mar fhianaise do staraí atá i mbun staidéir ar chur i gcoinne agus ar fhrithbheartaíocht i leith na Naitsithe ó Eaglaisí Críostaí na Gearmáine sa tréimhse 1933–1945? [13]

**(b)** Na foinsí **uile agus** do chuid eolais féin in úsáid, meas arbh iad na hEaglaisí Críostaí a d'eagraigh an cur i gcoinne agus an fhrithbheartaíocht ab éifeachtaí i leith réimeas na Naitsithe sa Ghearmáin sa tréimhse 1933–1945. [35]

---

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

---